Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Scéimeanna Tacaíochta Pobail 2026

## Dáta Deiridh: 23 Eanáir 2026 @ 4pm

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil pobail áitiúla ar cheann dár n-acmhainní is tábhachtaí agus, mar aitheantas air sin, tá na Scéimeanna Tacaíochta Pobail forbartha aici chun tacaíocht airgeadais a sholáthair do Ghrúpaí agus Eagraíochtaí Pobail agus Carthanachta maidir le réimse éagsúil imeachtaí agus tionscadal. I mbliana, chuir muid 2 Scéim Tacaíochta sa bhreis leo chun tionscadail forbartha comhshaoil agus rannpháirtíochta agus forbartha spóirt a chur chun cinn, agus tá muid ag súil go rachaidh siad do bhur leasa.

### Cuspóir:

Is é aidhm do na scéimeanna tacaíochta grúpaí pobail agus carthanachta a spreagadh agus a chumasú a bheith rannpháirteach go gníomhach i bhforbairt a bpobal, agus gach gné de na ceantair mórthimpeall orthu a fheabhsú *trí thionscadail agus imeachtaí ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne a mhaoiniú.*

### Cé mhéad atá maoinithe?

Tabharfar maoiniú faoi na Scéimeanna Tacaíochta Pobail faoi réir chomhlíonadh an iarrthóra leis an gcistiú meaitseála íosta riachtanach - ní bheidh uasluach an deontais os cionn €3,000, mura shonraítear a mhalairt i gcritéir na scéime. Ní mór do ghrúpaí Cuntas Bainc nó Comhair Creidmheasa a bheith acu faoina n-ainm dleathach. De bharr gur ranníocaíocht i dtreo costais iomlán an tionscadail/na himeachta atá sa mhaoiniú, ní mór do ghrúpaí ráiteas atá cothrom le dáta a thabhairt isteach ina léiríonn go bhfuil ciste leordhóthanach ar fáil chun íoc as an méid atá fágtha. Ní mór d'iarrthóirí aon mhaoiniú breise ó Chomhairle, gníomhaire nó rialtas a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a fhógairt.

### Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

Aon ghrúpa pobail agus deonach agus eagraíocht neamhbhrabúis ~~atá~~ cláraithe mar Eagraíocht Dheonach Neamhbhrabúis ~~nó~~ Carthanacht ag na Coimisinéirí Ioncaim agus a thugann faoi thionscnaimh pobail ar mhaithe le leas an phobail don phobal i gcoitinne (Is féidir le Scoileanna iarratas a dhéanamh faoi na catagóirí Oidhreacht agus Cur Chun Cinn na Gaeilge). Ní mór d'iarrthóirí a bheith suite a bheith suite i limistéar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus/nó gurb amhlaidh an scéil le sciar suntasach dá ngníomhaíochtaí - ní mó d'iarrthóirí a bhfuil gníomhaíochtaí ar bun acu ar fud na cathrach agus an chontae sciar / céatadán na gníomhaíochta iontu araon a léiriú go soiléir. Ní mór nach mbeidh aon fhiachas neamhíoctha a bheith ag na heagraíochtaí leis an gComhairle.

Níl daoine aonair ná gnólachtaí aonair incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú. Níl eagraíochtaí -bunmhaoiniú suntasach ó Ranna Rialtais eile incháilithe go hiondúil, ach amháin nuair nach gclúdaíonn a mbunmhaoiniú an tionscadal/gníomhaíocht agus go bhfuil sé ag cur le soláthar aidhmeanna na Comhairle, e.g., Gníomhaíochtaí na Scoileanna Glasa a chuireann le gníomhaíochtaí na mBailte Slachtmhara, gníomhaíochtaí Scoile seach-churaclaim a chuireann an Ghaeilge chun cinn.

### An bhfuil sé tábhachtach a bheith i do bhall den LRP?

Tabharfar tosaíocht do bhaill an LRP agus mar sin, bí cinnte go bhfuil do Ghrúpa cláraithe ag [https://www.galwaycountyppn.ie/registration-form/](https://www.galwaycountyppn.ie/registration-form/)

## Cén cineál tionscadal a bheidh á meas?

Rangaítear tionscadail faoi chúig Scéim Tacaíochta a bhfuil sé mar aidhm acu forbairt spórt, pobail, comhshaoil cultúir agus eacnamaíochta inmharthana a chur chun cinn. Déan an fhoirm a bhaineann le gach scéim a sheiceáil ar líne do chritéir incháilithe shonracha. Chun deimhniú go mbainfear lántairbhe as na hacmhainní airgid teoranta atá ar fáil ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne, tá na coinníollacha seo i leanas a bhfeidhm maidir le gach tionscadal:

- Ní mór do thionscadail/imeachtaí a bheith tairbheach don phobal i gcoitinne trí fholláine agus cáilíocht saoil a chur chun cinn do gach saoránach nó tríd an gceantar a fheabhsú do chónaitheoirí, cuairteoirí agus turasóirí, cónaitheoirí, cuairteoirí agus turasóirí.
- Níl ceannach trealaimh incháilithe ach amháin má tá sé ceangailte go díreach leis an tionscadal/imeachta beartaithe.
- Ní féidir gnáthchostais oibríochtúla amhail pá/fóntas/árachas a mhaoiniú.

## Meastacháin:

Ní mór do iarrthóir meastachán amháin a chur isteach do gach mír caiteachais a n-iarrtar maoiniú le €3,000 (trí ríomhphoist nó meastacháin scríofa, sliocht ó chatalóg). Molann an Chomhairle d'iarrthóirí ***CEANNACH GO hÁITIÚIL*** le chéile nuair is féidir, is féidir leis sin difear mór a dhéanamh ar an eacnamaíocht áitiúil.

## Cén chaoi a ndéantar iarratas:

Is é seo a leanas a bheidh i gceist leis an bpróiseas maoinithe:

- Ní mór go ndéantar gach iarratas ar líne agus gach cáipéis tacaíochta riachtanach a ghabhann leis faoi iamh.
- Is féidir le hiarrthóirí iarratas amháin ar a mhéad a dhéanamh le haghaidh gach Scéim Tacaíochta.
- Ní mór do gach iarratas a bheith faighte ar nó roimh an dáta deiridh - ní dhéanfar aon eisceacht.
- Ní mór do gach iarratas na riachtanais incháilithe a chomhlíonadh - cuirfear gach iarrthóir neamh-incháilithe ar an eolas.

## Cén chaoi a ndéanfar m'iarratas a mheas?

Is iondúil go sáraíonn iarratais ar chúnamh airgid an ciste atá ar fáil, mar sin, féadfaidh nach n-éireoidh le gach iarratas a chomhlíonann na coinníollacha nó go mbronnfar méid níos ísle ina leith. Dá bharr sin, tá sé tábhachtach go bhfuil an próiseas meastóireachta mionchúiseach, le cinntiú go dtiocfaidh na tionscadail is fearr chun cinn, ar an mórgóir, agus go bhfaigheann siad maoiniú. Beidh measúnú á dhéanamh ar gach iarratas ag baill foirne sinsearacha thar gach disciplín a chomhaontóidh ar thionscadail le chéile bunaithe ar shrianta buiséadacha, cáilíocht agus tosaíocht na n-iarratas. Déanfar liosta d'iarratas molta a threorú le haghaidh deimhnithe ag an gcruinniú Comhairle is luaithe atá ar fáil, agus cuirfear iarrthóirí ar an eolas go láithreach ina dhiaidh.

## Cén chaoi a mbeidh a fhios agam gur éirigh le mo ghrúpa?

Gheobhaidh grúpaí rathúla Litir Thairisceana (Foirm A) a bheidh mar chonradh idir an Chomhairle agus an t-iarrthóir, ní mór go síneofar í sin agus í a thabhairt ar ais faoi cheann 14 lá ón dáta tairisceana, agus mura ndéanfar amhlaidh, coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin an cúnamh deontais a thabhairt do ghrúpa eile.

## Cén coinníollacha atá i bhfeidhm maidir lenár dtionscadail/oibreacha/imeachta a chur i gcrích?

Ní mór d'iarrthóirí na Téarmaí agus na Coinníollacha a chomhlíonadh maidir leis an Scéim Tacaíochta Pobail atá leagtha amach ag deireadh na cáipéise seo.

## Cén chaoi a dtarraingím an deontas anuas?

Leithdháiltear an maoiniú ar bhonn bliantúil agus ní féidir é a thabhairt ar aghaidh. Ní mór duit an tionscadal a chur i gcrích agus bhur d'iarratas ar tharraingt anuas a chur isteach faoi cheann 30 lá roimh an imeacht, nó i gcás tionscadal/oibreacha, *ní déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair* (seachas nuair atá comhaontú chun an deontas a iarchur ceadaithe do chúinsí eisceachtúla). Ní mór go gcuimsítear an méid seo a leanas i d'iarratas ar tharraingt anuas:

e) Tuarascáil maidir le Tionscadal Críochnaithe (Foirm B)

e) Sonraisc Oifigiúla ar pháipéar ceannteidil an soláthraithe ina sonraítear na míreanna caiteachais agus sliocht ó do Ráiteas Bainc lena dtaispeántar íocaíochtaí glanta.

e) Grianghraif de na hócáidí a bhí a reáchtáladh, NÓ grianghraif roimh agus tar éis feabhsuithe ar chonláistí/áiseanna

   Trí ghrianghraif a chur isteach, tá an t-iarrthóir ag tabhairt ceada don Chomhairle na grianghra(i)f a úsáid do chúiseanna margaíochta agus ag deimhniú go bhfuil cead an ghrianghrafadóra agus cead duine ar bith atá sa ghrianghraf acu.

e) Cruthúnas aitheantais maoinithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh na himeachta/na n-oibreacha

e) Teastaíonn Ríomh-Dheimhniú Imréitigh Cánach ó gach iarrthóir a bhfuil cúnamh deontais ar luach €10,000 nó níos mó faighte acu i mbliain féilire.

## Saoráil Faisnéise:

Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm ar gach taifead ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

## Cosaint Sonraí:

Tá sé de dhualgas ar gach Grúpa/Eagraíocht a chinntiú go gcomhlíonann siad na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Trí iarratas a chur isteach, tá iarrthóirí ag comhaontú le faisnéis an iarrthóra a phróiseáil agus a nochtadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus gach tríú páirtí más gá, do riarachán Maoinithe, tuairisciú measúnú agus iniúchadh; ina theannta sin, toilíonn iarrthóirí rathúla an fhaisnéis seo a nochtadh (e.g. ainm an iarrthóra rathúil, luach an deontais, sonraí na himeachta, etc.) ag na páirtithe seo a bhfuil nasc acu le margaíocht nó cuir chun cinn na Scéime Deontais. Aontaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe beartais chuí a chur i bhfeidhm chun sonraí iarrthóirí a choinneáil sábháilte agus sochar; chun a nochtadh, rochtain nó athrú neamhúdaraithe nó de thimpiste a sheachaint; agus le cinntiú go ndéanfar faisnéis phearsanta a phróiseáil i gcomhréir le forálacha ábhartha na reachtaíochta maidir le Cosaint Sonraí.

## Rialú Corparáideach:

Beidh sé ina cheangal ar dheontaithe cloí leis an gcaighdeán trédhearcachta agus freagrachta is airde mar a leagtar amach i gCiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 13/2014 - Bainistíocht agus Freagracht ar Dheontais ón Státchiste
http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf
Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart trédhearcacht agus freagracht a bheith i mbainistiú an chiste phoiblí, i gcomhréir le heacnamaíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht. Achoimrítear sa chiorclán,

mar shampla, nár cheart do fhaighteoirí deontais lámh a chur de shócmhainní a maoiníodh go poiblí gan ceadú roimh ré.

# SCÉIM TACAÍOCHTA FORBARTHA POBAIL

## A. Conláistí Pobail (min. 10% cistiú meaitseála)

Is é aidhm na catagóire seo ná taitneamhachtaí pobail amuigh faoin aer agus spásanna glasa a fheabhsú. Tabharfar tús áite do mhaoiniú ar chonláistí atá ar fáil saor in aisce don phobal i gcoitinne, i gcás riachtanas sainmhínithe, agus nuair atá breithniú déanta ar inrochtaineacht agus ar chuimsitheacht mar chuid d'fhorbairt inbhuanaithe na taitneamhachta poiblí.

**Cé atá in ann iarratas a dhéanamh agus cé mhéad a mhaoineofar?**

Grúpaí Pobail faoi stiúir oibrithe deonacha a dhéanann feabhsuithe ar áiteanna súgartha agus áineasa pobail atá ar fáil saor in aisce don phobal i gcoitinne. Beidh feidhm ag uasdeontas €3,000.

**Cad is féidir a mhaoiniú?**

Tionscadail chun inrochtaineacht agus úsáid a fheabhsú do dhaoine de gach aois agus de gach cumas ag Clóis Súgartha, Páirceanna Poiblí, Siúlbhealaí Pobail, Gairdíní Pobail/Cuibhrinn Phobail agus Conairí Dúlra ~~eile~~ nó saoráidí amuigh faoin aer atá ar fáil le haghaidh úsáid ghinearálta sa phobal áitiúil.

## B. Gníomhaíochtaí na mBailte Slachtmhara i Spásanna Poiblí (cistiú meaitseála íosta 10%)

Is é aidhm na catagóire seo ná tacú le hiarrachtaí de chuid Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara chun cuma amhairc na spásanna poiblí a fheabhsú trí oibreacha agus trí thionscadail faoi stiúir oibrithe deonacha. Tabharfar tús áite do thionscadail atá leagtha amach go soiléir, i.e., tionscadail a thugann aghaidh ar cheist a ardaíodh sa Tuarascáil Mholtóireachta, suíomh/foirgneamh faidhbe a sainaithníodh go háitiúil nó tionscadail churaíochta a chuireann Pleananna Tírdhreachaithe/Pailneoirí áitiúla chun feidhme a d'fhorbair Éiceolaí nó Ailtire Tírdhreacha (i gcás nach bhfuil na Pleananna sin i bhfeidhm, tabharfar tús áite do mhaoiniú chun an rud céanna a fhorbairt). Beidh fáilte mhór roimh mhaoiniú le haghaidh forbairt Léarscáileanna Teimpléid ar ardchaighdeán a rinne Innealtóir/Ailtire áitiúil mar gur ceist shonrach é sin a d'ardaigh Moltóirí de chuid na mBailte Slachtmhara i dTuarascálacha Moltóireachta.

**Cé atá in ann iarratas a dhéanamh agus cé mhéad a mhaoineofar?**

Grúpaí na mBailte Slachtmhara a chuireann isteach ar Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Beidh feidhm ag uasdeontas €3,000 go ginearálta.

**Cad is féidir a mhaoiniú?**

Trealamh agus tionscadail a thugann aghaidh ar cheisteanna a sainaithníodh sa Tuarascáil Mholtóireachta agus a chuireann leis na Catagóirí Moltóireachta sa Chomórtas Náisiúnta:

- sráid-dreach & spásanna poiblí, slacht & rialú bruscair, oibreacha ag sráideanna cónaithe nó ag eastáit tithíochta, oibreacha ag bóithre isteach nó sráideanna/lánaí a ghlasú.
- spásanna glasa & tírdhreachú, dúlra & bithéagsúlacht, inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Ní mór do gach Grúpa na mBailte Slachtmhara an Fhoirm do "Ghníomhaíochtaí Deonacha agus Pobail ar Bhóithre, Áiteanna Taitneamhachta agus Áiteanna Eile faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlánú" agus an fhoirm chomhlánaithe a chur faoi bhráid a nInnealtóra Ceantair Community Initiatives | Galway County Council

# SCÉIM TACAÍOCHTA D'FHORBAIRT CHULTÚIR

## A. Deontais an Achta Ealaíon (gan riachtanas cistithe meaitseála)

Is é aidhm na catagóire seo ná cúnamh airgid a sholáthar do ghrúpaí/eagraíochtaí ealaíon deonacha chun gníomhaíocht nó tionscadal ealaíon a chur i gcrích laistigh den phobal. Tabharfar tús áite do mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí/tionscadal is fearr a chomhlíonann cuspóirí an Achta Ealaíon 2003 tríd an méid seo a leanas:

a) spéis phoiblí sna healaíona a spreagadh
b) eolas agus taithí ar na healaíona agus a gcleachtadh a chur chun cinn, nó
c) caighdeáin sna healaíona ar fud an chontae a fheabhsú.

**Cé atá in ann iarratas a dhéanamh agus cé mhéad a mhaoineofar?**

Grúpaí/Eagraíochtaí Ealaíon Pobail & Deonacha. Beidh feidhm ag uasdeontas €2,500. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go soláthraítear maoiniú mar ranníocaíocht i leith costas, seachas costais iomlána an chláir/imeachta a íoc.

**Cad is féidir a mhaoiniú?**

Ciallaíonn na "healaíona" aon léiriú cruthaitheach nó léirmhínitheach (bíodh sé traidisiúnta nó comhaimseartha) i cibé foirm, agus áirítear leis sin:

- Litríocht: grúpaí agus ceardlanna scríbhneoireachta pobail le hionchur ó scríbhneoirí lánaimseartha nó páirtaimseartha; léamh ag scríbhneoirí lánaimseartha nó páirtaimseartha. Tionscadail speisialta, e.g., foilseacháin, a dhéanann grúpaí scríbhneoireachta pobail.
- Na hAmharcealaíona: ranganna agus ceardlanna sna hamharcealaíona le hionchur ó ealaíontóirí gairmiúla / múinteoirí ealaíne. Tionscadail speisialta, e.g., taispeántais, a dhéanann grúpaí ealaíon pobail.
- Ceol: tionscadail oideachais ceoil (ach níl táillí teagaisc aonair i gceist), ceadail chlasaiceacha agus chórúla; cumadóireacht, taifeadadh agus seinm popcheoil nua agus ábhair amharclannaíochta ceoil.
- Ceol Traidisiúnta agus Rince Traidisiúnta: ranganna agus gníomhaíochtaí atá deartha chun an traidisiún a chur ar aghaidh; léiriú ag ceoltóirí traidisiúnta nua agus seanbhunaithe; ceardlanna agus ranganna sa rince traidisiúnta.
- Drámaíocht: drámaíocht san oideachas; ceardlanna drámaíochta; scríbhneoireacht agus léiriú saothair nua.
- Scannán & na Meáin Leictreonacha: taispeáint scannán nach bhfuil sa phríomhshruth; gníomhaíochtaí atá deartha chun cur le rannpháirtíocht i scannán, i bhfíseán agus sna meáin leictreonacha.
- Ealaíona Pobail: gníomhaíochtaí amhail péinteáil múrphictiúr, drámaíocht phobail, imeachtaí rannpháirtíochta pobail, etc.

**<u>Ní</u>** soláthrófar maoiniú d'oibreacha caipitil, trealamh, árachas/costais oibríochtúla nó reatha nó imeachtaí arna maoiniú faoi fhoinsí maoinithe ar leith, e.g., Oíche Chultúir.

## B. Deontais Oidhreachta (gan riachtanas cistithe meaitseála)

Is í aidhm na catagóire seo ná tacú le scoileanna, grúpaí/eagraíochtaí deonacha/pobail agus oidhreachta chun tionscadail a dhéanamh a rachaidh chun sochair don phobal. Tabharfar tús áite do mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí/tionscadal a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

a) Eolas ar oidhreacht áitiúil a bhailiú agus a roinnt.
b) Feasacht agus tuiscint ar ghníomhaíochtaí oidhreachta agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú.
c) Ár n-oidhreacht a bhainistiú agus a chosaint.

### Cé atá in ann iarratas a dhéanamh agus cé mhéad a mhaoineofar?

Grúpaí Oidhreachta, Iarratasóirí de chuid na mBailte Slachtmhara, Grúpaí Comhshaoil, Grúpaí Pobail, Scoileanna. Beidh feidhm ag uasdeontas €1,500, cé go mbeidh an chuid is mó de na deontais níos lú ná €500.

### Cad is féidir a mhaoiniú?

Áirítear le samplaí de mhaoiniú do thionscadail/d'imeachtaí a bhaineann le hoidhreacht nádúrtha, thógtha nó chultúrtha:

- Suirbhéanna agus Léarscáiliú Reiligí, Suíomhanna Oidhreachta, Fiadhúlra, etc. i gceantar áitiúil.
- Maoiniú do Phleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, Pleananna Pailneoirí, Pleananna Gníomhaíochta Speiceas Ionrach, etc.
- Imeachtaí / taispeántais / foilseacháin a chuireann caomhnú agus cosaint oidhreachta áitiúla tógtha, nádúrtha agus cultúrtha chun cinn.
- Ceardlanna agus oiliúint atá dírithe ar eolas agus scileanna oidhreachta áitiúla a fheabhsú agus ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oidhreachta a chur chun cinn.
- Gníomhaíochtaí de chuid Sheachtain na hOidhreachta agus Sheachtain na Bithéagsúlachta, e.g., siúlóidí, cainteanna, etc.
- Taifeadtaí na hOidhreachta Béil.
- Caomhnú bailiúchán agus rudaí oidhreachta, lena n-áirítear doiciméid, agus oibreacha caomhnaithe, pleanála agus bainistíochta gnáthóige chun gnáthóga fiadhúlra tábhachtacha a athchóiriú, etc.
- Maoiniú d'oibreacha chun speicis ionracha a bhaint amhail róslabhras ó choillearnach.
- Maoniú do ghairdíní oidhreachta, conairí, etc., agus do chomharthaíocht agus do bhoird eolais a bhaineann leo
- Trealamh a bhaineann go díreach le haon tionscadal molta.

**<u>Ní</u>** bhreithneofar soláthar nó cothabháil Leac Cuimhneacháin, Plaiceanna, Dealbh Brád nó Dealbh le haghaidh maoinithe.

## C. Gníomhaíochtaí Bolscaireachta ar son na Gaeilge (gan riachtanas cistithe meaitseála)

I gcomhthéacs ár n-oidhreachta Eorpaí, is í an Ghaeilge an teanga liteartha labhartha is sine san Eoraip (Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030). I gcomhthéacs an bheartais náisiúnta, tabharfar tús áite do mhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí agus tionscadal a dhéanfaidh an méid seo a leanas:

a) Eolas ar an nGaeilge a mhéadú.
b) Deiseanna a chruthú chun an Ghaeilge a úsáid.
c) Dearcthaí dearfacha i leith a húsáide a chothú.

### Cé atá in ann iarratas a dhéanamh agus cé mhéad a mhaoineofar?

Grúpaí/Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha, Grúpaí Ionadaíocha Gnó, Comhlachais Tráchtála, Grúpaí Spóirt, Grúpaí Óige, Scoileanna. Beidh feidhm ag uasdeontas €1,000, cé go mbeidh an chuid is mó de na deontais níos lú ná €500.

### Cad is féidir a mhaoiniú?

I measc samplaí de thionscadail tá:

- Maoiniú do thaighde ar oidhreacht shonrach na Gaeilge, e.g., logainmneacha, bailte fearainn, etc.
- Tionscadail atá dírithe ar an nGaeilge a neartú mar an phríomhtheanga chumarsáide sa Ghaeltacht.
- Ceardlanna pobail / ranganna chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i bpobail, e.g., chun gnólachtaí ar mhian leo seirbhís dhátheangach a chur ar fáil dá gcustaiméirí a spreagadh, cabhrú le heagraíochtaí deonacha ar mhian leo úsáid na Gaeilge ina n-eagraíochtaí a mhéadú.

- Gníomhaíochtaí agus imeachtaí atá bunaithe ar an nGaeilge atá ar siúl trí mheán na Gaeilge, e.g., imeachtaí pobail nó gníomhaíochtaí cultúrtha, sóisialta, fóillíochta agus spóirt a reáchtáiltear trí mheán na Gaeilge (ní mór cuireadh a thabhairt d'Oifigeach na Gaeilge den Chomhairle chuig an imeacht).
- Gníomhaíochtaí de chuid Sheachtain na Gaeilge agus imeachtaí eile a dhéanann ár gcultúr agus ár n-oidhreacht a cheiliúradh trí mheán na Gaeilge le linn na bliana.

# TIONSCADAIL TURASÓIREACHTA AGUS FORBAIRT TUAITHE

## A. Féilte Turasóireachta agus Imeachtaí Rannpháirtíochta ar an Scála Mór (cistiú meaitseála 20% ar a laghad)

**Is í aidhm na catagóire seo tacú le féilte agus imeachta ardchaighdeáin agus cruthaitheacha a mheallann cuairteoirí go Contae na Gaillimhe, borradh a chur faoi thurasóireacht.**
**Príomhfhócas:**

- Turasóirí baile agus idirnáisiúnta a thabhairt isteach.
- Cuir luach sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta leis.
- Eispéireas an chuairteora a fheabhsú agus é ag teacht le Straitéis Turasóireachta na Gaillimhe.

Déanfar maoiniú faoin gcatagóir seo (Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta arna maoiniú ag Fáilte Éireann) a leithdháileadh go imeachtaí Féilte agus Rannpháirtíocha a spreagann gníomhaíochtaí turasóireachta agus eacnamaíochta i gContae na Gaillimhe. Tá an maoiniú spriocdhírithe ar imeachta a mheallann cuairteoirí baile agus idirnáisiúnta, lena soláthraítear Féilire Imeachta thabharfaidh buntáistí sóisialta, cultúrtha agus turasóireachta chuig an gcontae.
D'fhonn a bheith measta, iarrfar ar iarrthóirí sonraí a sholáthar ina léirítear a leanas:

**Príomhthréithe:**

- **Réimse an Lucht Rannpháirtíochta**: Mealltar cuairteoirí ó lasmuigh den chontae nó réigiún (e.g., lucht a bheidh ag freastal go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta)
- **Tionchar Eacnamaíochta**: Gintear ioncam turasóireachta suntasach (e.g., óstáin curtha in áirithe, ceannach áitiúil).
- **Meán agus Margaíocht**: Curtha chun cinn go gairmiúil, go minic le clúdach meáin náisiúnta.
- **Comhpháirtíochtaí**: Féadfaidh Fáilte Éireann, eagraíochtaí náisiúnta nó oifigí turasóireachta réigiúnacha tacú leis.
- **Scála**: Buiséad níos mó, clárú níos leithne (ionaid, laethanta nó sraitheanna iomadúla).
- **Cur i gCrích Straitéiseach**: Tagann sé le spriocanna forbartha réigiúnacha (e.g., turasóireacht cultúrtha, fás eacnamaíochta).

**Cé atá in ann iarratas a dhéanamh:**

- Féilte ginearálta (féilte litríochta, staire, cultúir thraidisiúnta, spriocdhírithe ar theaghlaigh) na hEalaíona, Ceol & Amharclannaíochta
- Bia agus Deoch
- Gnó agus Oideachas

### Cad is féidir a mhaoiniú?

- Margaíocht - costas gníomhaíochtaí margaíochta le réimse áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Féadfaidh fógraíocht, caidrimh phoiblí, margaíocht dhigiteach a bheidh san áireamh agus féadfaidh costas brandála an tsuímh i rith na himeachta a bheith sna costais incháilithe.
- Clárú agus Costais Léirithe - costais na ngníomhaíochtaí/n-imeachtaí i gclár na féile.

- Forbairt - féadfar staidéir fhéidearthachta, oiliúint, costais comhairliúcháin le haghaidh brandála nó taighde ar lucht féachana a chlúdach nuair atá buntáiste fadtéarmach a bhaineann leis agus/nó nuair a ardaíonn sé próifíl na himeachta go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta.

**Céard nach féidir a mhaoiniú:**

- Imeachtaí trádála amháin le luach turasóireachta teoranta
- Seónna talmhaíochta, aonaigh thuaithe
- Imeachtaí spóirt bunaithe ar lucht féachana
- Sorcais, carnabhail, aonaigh agus margaidh na Nollag

## B. Féilte, Imeachtaí agus Tionscadail Forbartha Thuaithe ar an Scála Beag (cistiú meaitseála 20% ar a laghad)

### Féilte, Imeachtaí agus Tionscadail Forbartha Thuaithe Scéim Tacaíochta Pobail,

**Sa chatagóir seo is féidir cur isteach ar cheann amháin den mhéid a leanas**

- Féilte agus Imeachtaí Turasóireachta Áitiúla
- Féile agus Imeacht Ealaíona Áitiúil
- Imeacht Pobail ar an Scála Beag
- Tionscadal Forbartha Tuaithe ar an Scála Beag

## 1. Féilte áitiúla (cistiú meaitseála 20%) (deontas €3,000 ar a mhéad)

Soláthar féilte agus imeachta turasóireachta beaga faoi Chlár Maoinithe Imeachtaí Turasóireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is é príomhaidhm an chiste seo ná tacaíocht a thabhairt d’eagraithe imeachtaí áitiúla agus pobail agus do thionscadail/gníomhaíochtaí a spreagfaidh cuairteoirí go dtí contae na Gaillimhe.

- **Réimse an Lucht Rannpháirtíochta:** Freastalaítear a lucht rannpháirtíochta áitiúil nó ón gcontae féin go príomha.
- **Rannpháirtíocht Pobail:** Faoi stiúir ag grúpaí agus eagraíochta ealaíona áitiúla.
- **Tionchar Eacnamaíochta:** Caiteachas measartha agus áitiúil go príomha.
- **Margaíocht**: Curtha chun cinn go háitiúil (e.g., meáin shóisialta, preas áitiúil).
- **Scála:** Buiséad níos lú, níos lú imeachtaí nó ionaid.
- **Fócas** Tacaítear leis na healaíona, oidhreacht nó forbairt pobail áitiúil.

Cuirfear cineálacha Féilte agus Imeachta éagsúla san áireamh le meas le haghaidh maoinithe. Níl maoiniú le haghaidh imeachtaí Lá Fhéile Pádraig ná imeachtaí casta air Soilse Nollag incháilithe, áfach. Ní mór do fhéilte agus imeachtaí fócas láidir a bheith acu ar chuairteoirí a mhealladh go dtí Contae na Gaillimhe agus ba cheart dóibh an fhéidearthacht a bheith acu a dhéanamh arís.
Ní mór go mairfidh siad 2 lá ar a laghad.

## 2. Féilte Ealaíona (cistiú meaitseála 20%) (deontas €3,000 ar a mhéad)

Tá sé d'aidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tacú le réimse éagsúil féilte ealaíona agus iad a chur chun cinn ar fud an chontae. Ní mór d'fhéilte a bheith d'ardchaighdeán ealaíonta atá nuálach agus a bhfuil béim mhór acu ar rannpháirtíocht pobail, eispéiris ardchaighdeán ealaíonta a sholáthar don lucht féachana, cur le forbairt cleachtas na foirme ealaíne, lucht féachana a tharraingt isteach go healaíonta agus go samhlaíoch, agus deiseanna rannpháirtíocht pobail a mhéadú. De bharr go n-oibríonn an t-údarás áitiúil i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, tá an polasaí seo i gcomhréir go dlúth lena gcreat náisiúnta Féilte.

**Céard a Mhaoineofar**

- **Táillí Ealaíontóirí agus Léirithe** – íocaíocht d'ealaíontóirí, ceoltóirí nó éascaitheoirí áitiúla.
- **Clárú Imeachtaí** – ceardlanna, cainteanna, léirithe, agus gníomhaíochtaí cultúrtha.
- **Fruiliú Ionaid** – halla pobail, spásanna lasmuigh, nó struchtúir shealadacha.
- **Trealamh agus Ábhair** – córais fhógartha phoiblí, stáitsiú, soláthair ealaíne, comharaíocht.
- **Margaíocht agus Cuir chun Cinn** – póstaeir, bileoigín, fógraí meáin shóisialta, preas áitiúil.
- **Tacaíocht don Fhoireann Dheonach** – sólaistí, oiliúint, nó pá beag.
- **Beartais Inrochtaineachta** – rampaí, ateangairí áiseanna inrochtana.

## 3. Imeachtaí Pobail ar an Scála Beag (cistiú meaitseála 20%) (deontas €1,000 ar a mhéad)

Is í aidhm na catagóire seo ná tacú réimse éagsúil imeachtaí atá bunaithe ar an bpobal a spreagann rannpháirtíocht i saol áitiúil an cheantair. Is príomhaidhm imeachtaí nó féilte atá bunaithe ar an bpobal ná daoine a chumasú gníomhaíochtaí ina gceantair áitiúla a léiríonn an fhéiniúlacht chultúrtha ar leith atá acu, bród pobail a ghiniúint, agus ómós áite a fheabhsú.

Lena n-áirítear na príomhghnéithe seo a leanas:

- Fócas Áitiúil: Freastalaítear ar bhaile, sráidbhaile nó ceantar go príomha.
- Faoi Stiúir an Phobail: Eagraithe ag grúpaí, oibrithe deonacha nó líonraí neamhfhoirmiúla.
- Buiséad Íseal: Riachtanais airgid mheasartha, faoi €5,000 go hiondúil.
- Ionchuimsitheach: Oscailte go gach aois agus cúlra, saor in aisce nó costas íseal go minic.
- Luach Sóisialta nó Cultúrtha: Déantar ceiliúradh ar oidhreacht áitiúil, ealaíona, traidisiúin, nó ócáidí séasúracha.
- Achar Srianta: Imeachtaí a mhaireann lá nó deireadh seachtaine amháin.
- Neamhthráchtálach: Neamhbhrabúsach, le béim ar rannpháirtíocht seachas bhrabús.

**Céard a Mhaoineofar**

- **Clárú Imeachtaí** – ceardlanna, cainteanna, léirithe, agus gníomhaíochtaí cultúrtha.
- **Fruiliú Ionaid** – halla pobail, spásanna lasmuigh, nó struchtúir shealadacha.
- **Trealamh agus Ábhair** – córais fhógartha phoiblí, stáitsiú, soláthair ealaíne, comharaíocht.
- **Margaíocht agus Cuir chun Cinn** – póstaeir, bileoigín, fógraí meáin shóisialta, preas áitiúil.

**Céard nach maoineofar:**

- Gníomhaíochtaí trádála nó déanta brabús

- Costas alcóil nó fáilteachais (seachas sólaistí d'oibrithe dheonacha)
- Oibreacha caipitil nó bonneagar buan
- Imeachtaí gan fócas cultúrtha nó pobail (e.g., cóisirí príobháideacha, tionóil atá sóisialta amháin)
- Imeachtaí polaitiúla nó creidimh a chuireann idé-eolaíochta nó creideamh áirithe chun cinn
- Costais iardhearcach (costais thabhaithe sula ndeimhníodh an deontas)
- Taisteal thar saille nó tionscadail idirnáisiúnta
- Siorcais, aonaigh siamsaíochta, margaidh, nó imeachtaí le haghaidh trádáil tráchtála

# SCÉIM TACAÍOCHTA D'FHORBAIRT CHOMHSHAOIL

## A. Oibreacha Feabhsaithe Reilige (cistiú meaitseála 30% ar a laghad)

Tá Scéim Deontais um Cothabháil Reilige bhliantúil á oibriú ag an gComhairle do ghrúpaí a oibríonn go deonach leis an reilig áitiúil a ghlanadh suas agus cothabháil a dhéanamh uirthi. Clúdaíonn Árachas Dliteanais Phoiblí Chomhairle Chontae na Gaillimhe dliteanais na ngrúpaí seo do ghearradh féir, uirlisí a cheanna, trealamh agus ábhair a úsáidtear do chothabháil leanúnach i Reiligí faoi Úinéireacht na Comhairle. Is í aidhm na Scéime um Oibreacha Feabhsaithe Reilige ná oibreacha a éascú atá lasmuigh de réimse na ndeontas cothabhála bliantúil.

### Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?

Coistí Cothabhála Reilige nó grúpaí forbartha áitiúla eile.

### Cad is féidir a mhaoiniú?

Oibreacha a fheabhsaíonn inrochtaineacht agus sábháilteacht, mar shampla:

- Conairí a leagan tá sé tábhachtach go mbeidh bailchríoch ar chonairí idir uaigheanna tréscaoilteach le draenáil a ligean, ach is féidir leis na bealaí taobh istigh a bheith tarmac.
- Suiteáil suíochán - is féidir suíocháin a sholáthar ag na himill nuair atá dóthanach spáis ann ach ní cheart go mbeidh siad suite ar chonairí nuair is féidir leo a bheith ina mbacainní. Ba cheart d'iarrthóirí cinntiú go bhfuil costais le haghaidh plionta agus suiteála san áireamh sna meastacháin.
- Oibreacha sábháilteachta amhail feabhsuithe ar bhealaí isteach/amach/páirceáil nó obair dheisiúcháin ar an scála beag ar bhallaí teorann nó claíocha.

### Cé mhéad atá maoinithe?

- Tá luach na tacaíochta atá ar fáil ar 70% de chostais iomláin faoi réir uasmhéid ar €8,000.
- Ní mór 30%, nó iarmhéid na gcostas iomlán, a cómhaoiniú ag an bpobal agus ní mór don iarrthóir cruthúnas ar an gcistiú meaitseála a sholáthar ag an gcéim iarratais.

### Téarmaí & Coinníollacha Sonraithe:

1. Déanfar gach tionscadal a sholáthar trí Roinn Chomhshaoil Chomhairle Chontae na Gaillimhe le cinntiú go gcomhlíontar le critéir shláinte agus shábháilte agus próisis dheimhnithe do shéadchomharthaí taifeadta, etc.
2. Ní mór d'iarrthóirí cruthúnas ar chistiú meaitseála a sholáthar ag an gcéim iarratais agus más rathúil iad, beidh orthu airgead a aistriú chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe sula gcuirtear tú le hoibreacha. Eagróidh an Chomhairle oibreacha agus íocaíochtaí leis an gconraitheoir rathúil.
3. Ní mór d'iarrthóirí dul sa tóir ar mheastacháin ó Chonraitheoirí inniúla, i.e., a bhfuil Árachas Dliteanais Phoiblí agus Árachas Dliteanais Fostóra agus Ráitis/Oiliúint Shláinte agus Sábháilteachta atá cothrom le dáta. Beidh ar chonraitheoirí Foirm Shláinte agus Sábháilteachta a chríochnú go sásúil sula bhfostóidh Comhairle Contae na Gaillimhe iad SF08 Foirm ar Mheasúnú Inniúlachtaí ceangailte ar chúiseanna eolais).
4. Ní mó d'iarrthóirí cloí le riachtanais sholáthair phoiblí, i.e., meastachán amháin d'oibreacha suas le €5,000 agus trí mheastachán d'oibreacha thar €5,000 (ga CBL sa áireamh).
5. Ní mór go mbeidh an fhéidearthacht ag gach tionscadal a bheith críochnaithe laistigh den bhliain féilire.
6. Tabharfar tosaíocht do thionscadail i Reiligí oscailte/gníomhacha.
7. Ní cheadaítear ach iarratas amháin ar gach reilig.
8. Má tá an iomarca iarratas ar an scéim, tabharfar tosaíocht do mholta tionscadal a léiríonn riachtanas soiléir do dheisiú agus féidearthacht láidir chun cuma, inrochtaineacht agus sábháilteacht na Reilige a fheabhsú.

**Conas iarratas a dhéanamh:**
Comhlánaigh an foirm ar líne agus cuir isteach í le grianghraif de cheantar an tionscadail, meastacháin, Ráitis Bhainc ina léirítear an cistiú meaitseála idir lámha.

## B. Oibreacha Feabhsaithe Comhshaoil (cistiú meaitseála 0 - 30%)

Is í aidhm na catagóire seo ná cabhrú leis na Bailte Slachtmhara chun dul i ngleic leis na príomhchúiseanna a bhaineann le bruscar nó graifítí ina mbaile nó sráidbhaile agus beartas inmharthana a chur i bhfeidhm leis na fadhbanna seo a réiteach. Ní mór d'iarratais gné tuisceana/oideachais a léiriú chun a bheith measta le haghaidh maoinithe.

| **Príomhchúiseanna le Bruscar:** | **Príomhábhair an Bhruscair:** |
|---|---|
| 1. Coisithe ag dul thar bráid - 39.4%<br>2. Tiománaithe ag dul thar bráid - 20.2%<br>3. Ionaid Díola - 9%<br>4. Pointí Cruinnithe - 7.2%<br>5. Áiteanna Fóillíochta/Siamsaíochta - 5.1%<br>6. Ionad Mearbhia - 5.1%<br>7. Scoileanna/Gasúir Scoile - 4.2%<br>8. Stadanna Bus - 2.9%<br>9. Diúscairt/Dumpáil Mhídhleathach - 2.6%<br>10. Ionaid Fág Anseo - 2% | 1. Butaí toitíní - 49.5%<br>2. Pacáiste bhéilí le tabhairt leat - 19%<br>3. Bruscar a bhaineann le bia - guma coganta - 8.7%<br>4. Bruscar a bhaineann le milseáin - clúdaigh - 8.1%<br>5. Míreanna páipéir - admhálacha ATM- 7.3%<br>6. Dochrach - madraí, snáthaidí steallairí, clúidíní - 2.7%<br>7. Bruscar a bhaineann le vápáil - 2% |
| *Tuarascáil Náisiúnta ar Thruailliú Bruscair 2024* | |

**Cé atá in ann iarratas a dhéanamh?**
Tá clúdach árachas dliteanais phoiblí cuí ag Grúpaí Bailte Slachtmhara agus grúpaí eile a dhéanann glantacháin áitiúla agus oibreacha comhshaoil sa réimse phoiblí chun na críocha seo.

**Cad is féidir a mhaoiniú?**
Moltar d'iarrthóirí na suíomhanna achrannacha sonracha áitiúla a aithint agus réitigh a shaincheapadh chun dul i ngleic leis na príomhchúiseanna atá le bruscar nó graifítí. Tá samplaí de réitigh inmharthana a leanas:

- Glan é agus scáthaigh é - suiteáil sciathadh nó claíocha ag suíomhanna achrannacha chun dul i ngleic le tuilleadh bruscair.
- Tírdhreachaigh - trí lá pobail plandaithe, cuir crainn agus toim dhúchasacha chun dul in ionad áiteanna a tharraingíonn bruscar/graifítí. Tabhair cuairt ar www.pollinators.ie le haghaidh tuilleadh eolais agus comhairle.
- Péinteáil sa mhullach air - péinteáil ballaí/múrphictiúir chun dul i ngleic le fadhbanna graifítí trí lá pobail péinteála le comhairle/tacaíocht ó ealaíontóir áitiúil.
- Déan monatóireacht air - bain fálta chun faireachas éighníomhach a chur chun cinn ag ceantar suíochán/picnice a tharraingíonn fadhbanna.
- Glac leis - spreag cónaitheoirí nó grúpa áitiúil iarrachtaí a dhéanamh áit a choinneáil gan bruscar agus ceannaigh bainteoirí/málaí/láimhíní chun cabhrú leo "Glacadh le hÁit" nó "Glacadh le hIonad Fág Anseo".
- Madraí Glasa - soláthraigh rannóirí mála madraí agus cuir an Scéim Glas Siúlóirí Madra chun cinn nuair a gheallann siúlóirí madraí glanadh ina dhiaidh na madraí (veisteanna shofheicthe brandáilte ar fáil ón Oifigeach Feasachta Comhshaoil).
- Butaí sa Bhosca Bruscair - rith feachtas diúscartha butaí toitíní chun diúscairt fhreagrach a spreagadh (má tá soláthar aonad diúscartha butaí toitíní san áireamh sa tionscadal do ghnó/áis áirithe, beifear ag súil le cistiú meaitseála suas le 30%).

<u>Ní</u> mhaoineofar TCI, péinteáil foirgneamh, múrphictiúir a dteastaíonn cead pleanála uathu (ar bhalla binne nó façade tosaigh foirgnimh nó struchtúir bhuan eile), nó aon oibreacha struchtúrtha ag suíomhanna Séadchomharthaí Náisiúnta.

### Cé mhéad atá maoinithe?

Táthar ag súil go mbeidh deontas ar luach €1,500 ar a mhéad i bhfeidhm ar gach tionscadal agus go maoineofar tionscadal amháin an baile/sráidbhaile ar a mhéad. Ba cheart d'iarrthóirí tabhairt faoi deara go bhfuil sé d'aidhm ag an scéim seo dul i ngleic le ceantair/suíomhanna a mbíonn go leor bruscair/graifítí iontu - ní chlúdóidh maoiniú plandú ar an scála mór nó tionscadail uasghrádaithe a fheileann an catagóir do Chonláistí Pobail níos mó.

### Conas iarratas a dhéanamh:

Comhlánaigh an fhoirm ar líne agus cuir isteach í le grianghraif de cheantar an tionscadail, meastachán amháin an mhír, agus ríomhphost nó nóta ó Innealtóir Ceantair ag toiliú an tionscadail bheartaithe.

# RANNPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT AGUS SCÉIM TACAÍOCHTA FORBARTHA

## A. Rannpháirtíocht Spórt agus Deontais Fhorbartha (gan riachtanas do chistiú meaitseála)

Tá an Scéim um Rannpháirtíocht Spórt agus an Scéim Tacaíochta Forbartha spriocdhírithe ar thacaíocht a thabhairt do chlubanna spóirt áitiúla agus grúpaí pobail lena soláthraítear cláir ionchuimsitheacha, inmharthana agus fiúntacha. Tá sé d'aidhm ag an scéim seo rannpháirtíocht i spórt agus aclaíocht a mhéadú, go háirithe i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht, agus rannpháirtíocht pobail agus nósanna maireachtála a chur chun cinn.
Príomhspriocanna:

- Rannpháirtíocht a mhéadú i measc Ban agus Cailíní, Daoine Scothaosta, Daoine faoi Mhíchumas, Pobail faoi Mhíbhuntáiste, Daoine Óga agus Pobail Nua.
- Tacaigh le Forbairt Clubanna trí oiliúint dheonach agus soláthar cláir
- Uileghabhálacht a chur chun cinn trí chonstaicí chun rannpháirtíocht a bhaint.
- Rannpháirtíocht Pobail a Fheabhsú trí chomhpháirtíochtaí agus imeachtaí.

### Cé atá in ann iarratas a dhéanamh agus cé mhéad a mhaoineofar?

- Bí bunaithe i gceantar riarachán Chomhairle Chontae na Gaillimhe
- Bí in eagraíocht neamhbhrabúsach, faoi stiúir deonach agus i gclub spóirt.
- Clubanna spóirt a bhfuil baint acu le Coiste Rialaithe Náisiúnta atá aitheanta ag Spórt Éireann (NGB).
- Grúpaí pobail ag soláthar clár aclaíochta.
- Eagraíochtaí spóirt do dhaoine faoi mhíchumas.
- Grúpaí deonacha ag cur spórt chun cinn go háitiúil.

Soláthraíonn an scéim deontais bheaga suas le €1,000 chun cabhrú le clubanna agus eagraíochtaí pobail agus iad ag cur clár i bhfeidhm a dhéanann rannpháirtíocht i spórt agus aclaíocht a spreagadh, grúpaí le rannpháirtíocht íseal a spriocdhíriú, uileghabhálacht agus inrochtaineacht a chur chun cinn agus naisc phobail a threisiú trí spórt.

**Cad is féidir a mhaoiniú?**

- Costais Incháilithe: Caiteachais sholáthar clár (áirithint ionaid, táillí cóitseála), ceannach trealaimh ar an scála beag (bibí, cónaí, liathróidí, trealamh céadfaí do dhaoine faoi mhíchumas, fearais gharchabhracha) oiliúint do chóitseálaithe agus oibrithe deonacha.
- Costais Incháilithe: Costais Reatha (árachas, gnáthchostais, táillí cleamhnachta), trealamh spóirt pearsanta (geansaithe, éadaí traenála), turais thar lear, páirceanna súgartha.

**Próisis Iarratais agus Measúnaithe:**

Déan iarratas ar líne trí chóras cur isteach ar dheontais Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus cuir faoi iamh cruthúnas ar Árachas Dliteanais Phoiblí, ráiteas bainc in ainm dlíthiúil an ghrúpa, meastachán amháin do gach mír caiteachais.

Má tá an iomarca iarratas ar an scéim, tabharfar tosaíocht do iarratais bunaithe ar an méad a leanas:

- Tionchar na rannpháirtíochta go háirithe ar Dhaoine Scothaosta, Mná agus Déagóirí Mná, Fir, Daoine faoi Mhíchumas, Pobail faoi Mhíbhuntáiste agus Pobail de Mhionlach Eitneach.
- Inbhuanaitheacht an chláir
- Cruthúnas ar chomhoibriú le comhpháirtithe áitiúla
- Comhlíonadh le riachtanais sholáthair agus árachais Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Más éiríonn leo, ní mór d’iarrthóirí tuairisc ghairid a chur isteach ar thorthaí an chláir, fianaise an chaiteachais (admhálacha/sonraisc), uimhreacha rannpháirtíochta agus aiseolas/teistiméireachtaí ag céim na híostarraingthe.